



Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Achoimre 2008

Photos © ECDC

© Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2009.

ISBN 978-92-9193-177-4

doi:10.2900/21813

Tá atáirgeadh údaraithe nuair a léirítear an fhoinsé. Tá gach grianghraf san fhoilseachán seo faoi chóipcheart agus ní féidir iad a úsáid ar mhaithe le rud ar bith taobh amuigh den fhoilseachán seo gan cead sainráite shealbhóir an chóipchirt.

Fógra Tábhachtach:

Is ar mhaithe le faisnéis amháin an achoimre seo. Rinneamar iarracht spiorad an doiciméid bhunaidh a thabhairt linn, ach tharlódh gur fágadh pointí caolchúiseacha tábhachtacha éigin ar lár san achoimriú. Má theastaíonn ó léitheoirí ráiteas údarásach ar ghníomhaíochtaí an ECDC a léamh, ba chóir dóibh féachaint ar théacs iomlán *Annual Report of the Director 2008* [Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra 2008]. Tá sé sin ar fáil ar líne ag: www.ecdc.europa.eu

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra
Achoimre
2008



Marc Sprenger, iar-Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, Stiúrthóir an ECDC Zsuzsanna Jakab agus an Dr. Miroslav Oukzy, Feisire de Pharlaimint na hEorpa ag seoladh Lárionad Oibríochtaí Éigeandála an ECDC i mí an Mhárta 2008.

2008: Bliain de chomhdhlúthú agus de leathnú

Ó bhunaíodh é in 2005, tá fás dinimiciúil tagtha ar an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). In 2008, bhain an Lárionad céim de chomhdhlúthú agus de leathnú leanúnach amach, agus anois tá sé dea-fhorbartha mar ‘lárionad sármhaitheasa’ sa chomhrac i gcoinne galar tógálach san Eoraip, agus mar phríomhfhoinsé faisnéise don phobal eolaíoch.

Is léir ó roinnt dá eochair-éachtaí gur sheachaid an ECDC aschur méadaithe in 2008 agus gur éirigh leis aghaidh a thabhairt ar an ngá freagairt níos láidre a thabhairt ar bhagairt na ngalar teagmhálach san Eoraip. Chomhdhlúthaigh an Lárionad a fheidhmeanna um shláinte phoiblí, chuir sé feabhas ar chumais a chlár a bhaineann le galair shonracha, rinne sé forbairt bhreise ar chomhpháirtíochtaí, agus d’fheabhsaigh sé a struchtúir bhainistíochta.

Tugann torthaí meastóireachta neamhspleáiche a rinne sainchomhairleoirí seachtracha, agus a críochnaíodh in 2008, cruthúnas breise ar éachtaí an Lárionaid. Thaispeáin an mheastóireacht go raibh láithreach

tábhachtach idirnáisiúnta bunaithe ag an ECDC agus go ndearna sé rannchuidiú suntasach leis an gcomhrac i gcoinne galar tógálach.

Déanann Tuarascáil Bhliantúil neamhghiorraithe an Stiúrthóra 2008 tuairisc mionchruinn ar fhorbairtí agus ar aschuir an ECDC le bliain anuas. San achoimre seo leagtar béim ar na príomhéachtaí.

Comhdhlúthú na bhfeidhmeanna um shláinte phoiblí

In 2008, threisigh an ECDC a fheidhmeanna um shláinte phoiblí chun go gcomhlíonadh sé go hiomlán an sainordú a shainítear dó i Rialachán Bunaidh an Lárionaid. Chuige sin neartaigh sé a ghníomhaíochtaí sna réimsí a bhaineann le faireachas, tacaíocht eolaíoch, ullmhacht agus freagairt, oiliúint, agus cumarsáid sláinte.

Faireachas

In 2008, forbraíodh agus glacadh fíis agus straitéis fhad-téarmach maidir le faireachas ar ghalair theagmhálacha san AE amach anseo. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhéachtaí sa réimse faireachais:

- seoladh TESSy ('The European Surveillance System [An Córas Faireachais Eorpach]') agus leanadh ar aghaidh ag forbairt an chórais um fhaireachas feabhsaithe;
- cuireadh leis an méid daoine a úsáideann TESSy: anois tá 115 úsáideoir ó 29 tír, agus tá breis agus 1.3 milliún taifead sa bhunachar sonraí;
- aistríodh trí líonra faireachais bhreise chuig an ECDC, de chois na gcúig líonra a aistríodh roimh an mbliain 2008; agus
- tugadh tiomantas go ndíreofaí ar cháilíocht fheabhsaithe sonraí agus ar inchomparáideacht fheabhsaithe sonraí idir Ballstáit — céim ríthábhachtach chun galair theagmhálacha a chosc agus a rialú.

Tacaíocht eolaíoch

Agus é ag iarraidh bheith ina chatalaíoch um thaighde sláinte poiblí agus ina phríomhfhoinsí um chomhairle eolaíoch ar ghalair theagmhálacha san Eoraip, rinne an ECDC na nithe seo a leanas le linn 2008:



Johan Giesecke, Príomh-Eolaí an ECDC, ag an gcomhdháil ESCAIDE i mí na Samhna 2008.

- d'fhoilsigh sé 21 tuarascáil eolaíoch ar ghalair shonracha, ar thionchar an athraithe aeráide ar eipidéimeolaíocht, agus ar ualach na ngalar teagmhálach san Eoraip amach anseo;
- d'eagraigh agus reáchtáil sé an dara Comhdháil Eolaíoch Eorpach ar Eipidéimeolaíocht Fheidhmeach um Ghalair Thógálacha (ESCAIDE) i mBeirlín. D'fhreastail breis agus 500 saineolaí sláinte ó gach cearn den Eoraip ar an gcomhdháil sin.
- d'fhoilsigh sé treoir eolaíoch maidir le tabhairt isteach vacsaíní in aghaidh víris shineánómaigh dhaonna (VSD) san Eoraip agus maidir le grúpaí tosaíochta i mbaol ar chóir iad a vacsaíniú in aghaidh an fhliú; agus
- threisigh sé a líonra saotharlainne trí chruinnithe, trí shuirbhé ar mhicribhitheolaíocht sláinte poiblí agus trí bhunachar sonraí de shaotharlanna tagartha micribhitheolaíocha san Eoraip a fhorbairt.

Ullmhacht agus freagairt

Bunaíodh an Lárionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC) i mí an Mhárta 2008, agus anois tá an ECDC go hiomlán réidh chun freagairt do gach dúshlán sa réimse d'ullmhacht agus de fhreagairt. Is iad seo a leanas na príomhéachtaí a rinneadh sa réimse seo in 2008:

- Ó dheireadh na bliana 2007, tá an ECDC ag tabhairt tacaíochta iomláine don Chóras Luath-Rabhaidh agus Freagartha (CMRF).
- In 2008, rinneadh monatóireacht ar 251 bagairt san iomlán; táirgeadh 31 measúnú ar bhagairtí a bhain le 24 galar éagsúil. Rinne an ECDC monatóireacht ar bhagairtí le linn dhá phríomhimeacht idirnáisiúnta freisin: Craobhchomórtas Sacair Eorpach UEFA 2008 (Euro 2008) san Ostair agus san Eilvéis, agus Cluichí Oilimpeacha Samhraidh 2008 i mBéising.
- Ghlac 250 saineolaí ar shláinte phoiblí páirt i ngearrchúrsaí oiliúna ECDC agus ghlac 41 comhalta páirt sa Chlár Eorpach um Oiliúint san Eipidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET), clár dhá bhliain a reáchtálann an ECDC.

Cumarsáid sláinte

Rinne an ECDC a bhonneagar a chomhdhlúthú go suntasach agus anois éiríonn leis faisnéis eolaíoch agus theicniúil a scaipeadh ar shainluchtanna éisteachta. Coinnítear an pobal ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Lárionaid freisin. Is iad seo a leanas roinnt de na héachtaí príomhúla a baineadh amach in 2008:



Póstaer ó fheachtas an Lae Eorpaigh um Fheasacht ar Antaibheathaigh i gceantar an AE sa Bhruiséil, an Bheilg, i mí na Samhna 2008.

- Seoladh an chéad fheachtas faisnéise poiblí ar fud na hEorpa ar úsáid réasúnach antaibheathach: an Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh (18 Samhain 2008).
- Seoladh láithreán gréasáin uasghrádaithe don iris eolaíoch *Eurosurveillance*. Tá méadú leanúnach tagtha ar mhéid na ndaoine a léann foilseacháin phríomhúil an ECDC ar líne; ag deireadh 2008 bhí síntiús ar líne ag 14,000 duine.
- D'uasghrádaigh an ECDC a uirlisí cumarsáide corparáideacha; go háirithe, ullmhaíodh láithreán gréasáin cuimsitheach, cothrom le dáta, ilteangach, idirthréimhseach atá réidh le bheith comhtháite le tairseach nua ghréasáin an ECDC in 2009.



Lárionad Oibríochtaí Éigeandála an ECDC. Seoladh é i mí an Mhárta 2008 agus bítear ar dualgas ann 24/7, le foireann iomlán de 38 ball, chun scagadh 24 uair an lae a áirithiú ar bhagairtí sláinte a thagann chun cinn san AE.

Cumais an ECDC a fheabhsú i ndáil le cláir ghalair

In 2008, rinne an ECDC cumais a sheacht gclár a bhaineann le galair shonracha (CGSanna) a threisiú. Mar a sonraíodh i ‘Strategic multi-annual programme 2007–2013 [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil 2007-2013]’ an ECDC, beidh CGSanna mar fhócas príomhúil an Lárionaid sna blianta amach romhainn.

Thionscain agus stiúir gach CGS líon mór gníomhaíochtaí in 2008. I gcomhar le hOifig Réigiúnach an EDS don Eoraip, d’fhoilsigh an ECDC tuarascáil ar ‘HIV/AIDS surveillance in Europe [Faireachas VEID/SEIF san Eoraip]’ ar Lá Domhanda SEIF(1 Nollaig 2008). Scaoileadh ‘Tuberculosis surveillance in Europe [Faireachas Eitinne san Eoraip]’, comhthuarascáil tionscadail eile de chuid an ECDC/EDS, ar Lá Domhanda na hEitinne (24 Márta 2009).

In 2008, cuireadh feabhas ar struchtúir eagraíochtúla na CGSanna. Cuirfear athruithe breise i bhfeidhm in 2009, nuair a fhorbrófar straitéisí sonracha do gach clár.

In 2008, cuireadh na cláir seo a leanas ar fáil a bhaineann le galair shonracha:

- an flú;
- an eitinn;
- galair nua agus galair veicteoir-iompartha;
- galair a iompraítear i mbia agus in uisce agus zónóis;
- frithsheasmhacht ar ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte;
- galair inchoiscithe trí vacsaíniú; agus
- ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, lena n-áirítear VEID/SEIF agus víris fhuil-iompartha.



Tionóladh an ceathrú cruinniú den Bhord Bainistíochta in 2008 i bPáras na Fraince i mí na Samhna, tar éis cuireadh a fháil ó Institiúid um Fhaireachas Sláinte Poiblí na Fraince (InVS).

Forbairt bhreise comhpháirtíochtaí

Bíonn comhpháirtíochtaí riachtanach d'eagraíochtaí ar nós an ECDC, a bhíonn ag feidhmiú ag leibhéal na hEorpa. In 2008, lean an Lárionad air ag déanamh comhoibriú dlúth le Ballstáit i roinnt réimsí. Treisíodh caidrimh oibre tháirgiúla éifeachtúla le heagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhéachtaí sa réimse seo:

- 22 cuairt ar thíortha;
- rannpháirtíocht mhéadaithe na gComhlachtaí Inniúla i ngníomhaíochtaí an Lárionaid;
- tacaíocht curtha ar fáil don Choimisiún Eorpach agus d'Uachtaránachtaí an AE;
- comhoibriú leanúnach le gníomhaireachtaí AE eile (lena n-áirítear EFSA, EMEA agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an AE);
- treisiú chomhoibriú an ECDC leis an EDS; agus
- tionscnamh dlúthchaidreamh oibre leis na trí thír iarrthacha ar aontachas leis an AE.



Bord Bainistíochta an ECDC i mí Mheán Fómhair 2008 nuair a tionóladh cruinniú urghnách chun torthaí na chéad mheastóireachta seachtraí ar an Lárionad a phlé.

Clocha míle in 2008

Léiríonn dhá chloch mhíle comhdhlúthú agus leathnú leanúnach ghníomhaíochtaí an ECDC in 2008:

- Ghlac an Bord Bainistíochta sraith táscairí straitéise a chumasaíonn monatóireacht ar chur i bhfeidhm ‘Strategic multi-annual programme 2007–2013 [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil 2007-2013]’ an ECDC. Úsáideadh na táscairí straitéise sin go rathúil cheana féin le linn treoircéime in 2008.
- Bhí torthaí dearfacha ar mheastóireacht sheachtrach neamhspleách ar ghníomhaíochtaí an Lárionaid, a críochnaíodh in 2008. De réir na meastóireachta ‘ECDC is an independent centre of scientific excellence that made a significant contribution to the fight against communicable diseases [Is lárionad neamhspleách de shármhaitheas eolaíoch é an ECDC a rann-

chuidigh go suntasach leis an gcomhrac i gcoinne galar teagmhálach]’.

I rith cruinnithe urghnách a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2008 chun torthaí na meastóireachta seachtraí seo a phlé, ghlac Bord Bainistíochta an ECDC leis go raibh féidearthacht ann go nglacadh an Lárionad réimsí nua freagrachta ó 2013 ar aghaidh, ar choinníoll go mbeadh maoiniú fadtéarmach ar fáil fós.



An fhoireann i mí na Bealtaine 2008


Acmhainní méadaithe

Treisíodh cumais an Lárionaid ó thaobh acmhainní daonna agus leithroinnte buiséid de, rud a chuir le cumas an ECDC gníomhaíochtaí breise a dhéanamh.


Tá méadú cónaitheach tagtha ar líon foirne an ECDC: in 2008, d'fhostaigh an ECDC 54 ball foirne breise. Faoi dheireadh na bliana, bhí 154 ball foirne aige san iomlán (gníomhairí sealadacha agus ar conradh). Méadaíodh

buiséad an Lárionaid ó EUR 27 milliún in 2007 go EUR 40.2 milliún in 2008. De thoradh ar fhás tapa an ECDC, scoilteadh aonaid oibríochtúla ina rannóga chun bainistíocht éifeachtach daoine agus acmhainní a áirithiú.

Líon foirne (gníomhairí sealadacha agus ar conradh)



Achoimre ar an mbuiséad (méideanna i milliún de euro)



Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

Tá oilseacháin ar gá airgead
a thabhairt orthu ar fáil ó EU Bookshop
(<http://bookshop.europa.eu>), suíomh inar féidir leat
ordú a dhéanamh le pé oifig díolacháin is mian leat.

Is féidir liosta den ár lionra d'oibrítheoirí díolacháin ar
fud an domhain a iarraidh trí fhacs a chur chuig
+352 2929-42758

ISBN 978-92-9193-175-0



9 789291 931750



■ Oifig Foilseachán

TQ-AA-09-001-GA-N

**An Lárionad Eorpach
um Ghalair a Chosc agus a Rialú**

Seoladh cuairte: Tomtebodavägen 11 A
17183 Stóckólm, An tSualainn

Fón: +46 8 5860 1000

Facs: +46 8 5860 1001

Suíomh Idirlín: <http://www.ecdc.europa.eu>

Seoladh poist:
ECDC – Is gníomhaireacht í de chuid
an Aontais Eorpaigh
www.europa.eu
171 83 Stóckólm, An tSualainn

Tá an bróisiúr ar fáil sna teangacha seo a leanas:

Béarla, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis,
Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Ioruais, Íoslainnis,
Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis,
Portaingéilis, Seicis, Slóivéinis, Slóvacais, Spáinnis,
Sualainnis, Ungáiris